AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2020
COM(2020) 78 final

2020/0035 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Bliain Eorpach an Iarnróid (2021)

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Ina theachtaireacht an 11 Nollaig 2019[1], leag an Coimisiún amach Comhaontú Glas don Eoraip le haghaidh an Aontais Eorpaigh agus a chuid saoránach. Is leis a athdheimhnítear gealltanas an Choimisiúin dul i ngleic le dúshláin a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an aeráid arb é cúram sonrach na glúine seo é. Is straitéis fáis nua é arb é is aidhm leis an tAontas Eorpach a iompú ina sochaí chothrom rathúil, ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta d'úsáid acmhainní. Is cuid dhílis é an Comhaontú Glas don Eoraip den straitéis seo de chuid an Choimisiúin Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe agus na spriocanna forbartha inbhuanaithe a chur chun feidhme[2]. Ina conclúidí uaithi an 12 Nollaig 2019[3] rinne an Chomhairle Eorpach agus ina rún uaithi an 15 Eanáir 2020[4] rinne Parlaimint na hEorpa an cuspóir a fhormhuiniú chun Aontas Eorpach atá neodrach ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi 2050.

Iarrtar go sonrach leis an gComhaontú Glas don Eoraip dlús a chur leis an aistriú chun soghluaisteacht chliste inbhuanaithe, toisc gurb é an t-iompar is cúis le ceathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais, méid atá ag fás go fóill. Chun neodracht a bhaint amach ó thaobh aeráide de, tá gá le laghdú 90% ar astaíochtaí iompair faoi 2050. Ní mór do gach modh iompair rannchuidiú leis an laghdú. Mar chuid den Chomhaontú Glas don Eoraip, tá straitéis le haghaidh soghluaisteacht a bheidh cliste inbhuanaithe fógartha an Coimisiún, straitéis atá le glacadh in 2020, a thabharfaidh aghaidh ar an dúshlán seo agus a rachaidh i ngleic le foinsí uile astaíochtaí. I measc na mbeart atá beartaithe, ba cheart sciar mór den 75% de lasta intíre a iompraítear ar bhóithre a aistriú chuig na hiarnróid agus chuig uiscebhealaí intíre.

Is gá ról suntasach a bheith ag iompar d'iarnród maidir le dlús a chur leis an laghdú ar astaíochtaí iompair, toisc é a bheith ar cheann de na modhanna iompair is neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus is tíosaí ó thaobh fuinnimh de. Go deimhin, tá na hiarnróid leictrithe den chuid is mó agus astaíonn sé i bhfad níos lú CO2 ná an taisteal coibhéiseach de bhóthar nó ar eitleáin. Lena chois sin, is é an t-aon mhodh amháin é ar éirigh leis astaíochtaí CO2 a laghdú ar bhonn leanúnach nach mór ó bhí 1990 ann, d'ainneoin an méadú atá ag teacht ar an méid atá á iompar: faoi 2016, níor chruthaigh sé ach 0.5% de na hastaíochtaí CO2 ar fad ó gach modh iompair. Anuas air sin, le hiompar d'iarnróid ní úsáidtear ach 2% de thomhailt fuinnimh iomlán an Aontais, cé gur iompair sé 11.2% de lastas agus 6.6% de phaisinéirí de na modhanna taistil uile in 2016[5]. Laghdaigh na hiarnróid an tomhailt fuinnimh a bhí á déanamh acu idir 1990-2016[6] agus tá ag méadú ar an úsáid a bhaineann siad as foinsí inathnuaite fuinnimh.

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM/2019/640 final)

2 https://sustainabledevelopment.un.org/post2015/transformingourworld

3 Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 12 Nollaig 2019 (https://www.consilium.europa.eu/media/41768/12-euco-final-conclusions-en.pdf)

4 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (2019/2956(RSP))

5 Leabhar póca 2019 ar staitisticí iompair an Aontais Eorpaigh

6 Leabhar póca 2019 ar staitisticí iompair an Aontais Eorpaigh

Cé gur tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí ar iarnróid ó 7.0% go 7.6% idir 2007 agus 2016 maidir le hiompar ar tír san Aontas, maidir le cúrsaí lastais, ó baineadh an buaicphointe amach in 2011 (19%), an sciar den iompar ar tír san Aontas a bhaineann le lastas, tháinig laghdú air go 16.65% in 2017[7]. Tá roinnt mhaith constaicí fós ann le sárú sula mbainfear amach limistéar Eorpach aonair iarnróid , lena n-áirítear an gá le torann a laghdú. A luaithe a bheidh na constaicí sin sáraithe, laghdú costais bainte amach agus dlús curtha leis an nuálaíocht, beidh iompar d'iarnróid in ann barr a chumais a bhaint amach freisin. Dá bhrí sin, ní mór borradh breise a chur faoin iompar d'iarnród chun é a dhéanamh níos tarraingtí do thaistealaithe agus do ghnólachtaí mar mhodh iompair a fhreastalaíonn ar a riachtanais laethúla agus a riachtanais soghluaisteachta fad-achair araon. Má dhéantar an sciar de phaisinéirí agus de lastas a iompraítear d'iarnród a mhéadú, rannchuideoidh sé le plódú agus astaíochtaí a laghdú, rudaí atá contúirteach do shláinte an duine, go háirithe truailliú aeir.

Is é is aidhm leis an togra chun 2021 a dhearbhú ina "Bliain Eorpach an Iarnróid", iompar d'iarnród a chur i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, maidir le soghluaisteacht a bheidh cliste inbhuanaithe chomh maith. Trí thionscadail, díospóireachtaí, ócáidí, taispeántais agus tionscnaimh a reáchtáil ar fud na hEorpa, déanfaidh Bliain Eorpach an Iarnróid an iompar d'iarnród a chur chun cinn mar shlí tharraingteach inbhuanaithe le taisteal trasna na hEorpa do shaoránaigh, gnólachtaí agus údaráis, agus leagfaidh sí béim ar an ngné uile-Aontais nuálach a bhaineann leis. Trí theagmháil a dhéanamh le saoránaigh, lasmuigh den earnáil iarnróid, agus trí ócáidí tiomnaithe agus feachtais chumarsáid a reáchtáil, áiteofar ar dhaoine agus ar ghnólachtaí breise úsáid a bhaint as iompar d'iarnród.

Bliain chinniúnach a bheidh ann in 2021 do bheartas iarnróid an Aontais. Beidh sé ar an gcéad bhliain ina gcuirfear na rialacha a comhaontaíodh faoin gCeathrú Pacáiste Iarnróid[8] chun feidhme ar fud an Aontais Eorpaigh, is é sin le rá margadh na seirbhísí iompair intíre do phaisinéirí a oscailt agus costais agus an t-ualach riaracháin do ghnóthais iompair iarnróid atá ag feidhmiú ar fud an Aontais Eorpaigh a laghdú. Tá an pobal ag cur níos mó spéise san iarnród, lena n-áirítear traenacha oíche, i roinnt Ballstát, mar a léirítear leis an ráchairt atá ar #DiscoverEU[9]. Anuas air sin, an fhéile idirnáisiúnta ealaíon "Europalia"[10] déanfaidh sé eagrán 2021 na féile a thiomnú do thionchar na n-iarnród ar na healaíona agus aird a tharraingt ar an ról atá ag na hiarnróid mar spreagadh cumhachtach le haghaidh athrú sóisialta, eacnamaíoch agus tionsclaíoch. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil an bhliain 2021 ag teacht in am trátha le haghaidh an tionscnaimh seo.

Mar a bhí le linn na mBlianta Eorpacha san am atá caite, is é an príomhchuspóir atá ann feasacht a mhúscailt ar na dúshláin atá romhainn agus ar na deiseanna, agus aird a tharraingt ar ról an Aontais maidir le réitigh chomhroinnte a chur chun cinn ar mhaithe linn ar fad. Is é cuspóir Bhliain Eorpach an Iarnróid spreagadh a thabhairt don obair a dhéantar agus tacú léi, is é sin le rá, iarrachtaí an Aontais, iarrachtaí na mBallstát, iarrachtaí na n-údarás réigiúnacha agus áitiúla, agus iarrachtaí eagraíochtaí eile a dhéantar chun an sciar de phaisinéirí agus de lastas a iompraítear ar na hiarnród a mhéadú. Ba cheart don Bhliain Eorpach go háirithe an t-iompar d'iarnród a chur chun cinn mar mhodh iompair atá inbhuanaithe, nuálach, agus slán, trí dhul i dteagmháil leis an mórphobal, go háirithe leis an aos óg. Ba cheart aird a tharraingt chomh maith ar an ngné Eorpach thrasteorann atá ag an iompar d'iarnród, gné a cheanglaíonn saoránaigh le chéile, gné lena mbeifear in ann an tAontas a thaiscéaladh agus a éagsúlacht a bhlaiseadh, gné a chothaíonn comhtháthú agus a rannchuidíonn le margadh inmheánach an

[7] Leabhar póca 2019 ar staitisticí iompair an Aontais Eorpaigh
[8] https://ec.europa.eu/transport/modes/rail/packages/2013_ga
[9] https://europa.eu/youth/discovereu_ga
[10] https://europalia.eu

Aontais a chomhtháthú. Ba cheart di chomh maith cur le rannchuidiú an iarnróid do gheilleagar, tionsclaíocht agus sochaí an Aontais i gcoitinne, agus an t-iarnród a chur chun cinn mar ghné thábhachtach a bhaineann leis an gcaidreamh idir an tAontas agus tríú tíortha, go háirithe na Balcáin Thiar.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Mar atá luaite thuas, déanfaidh Bliain Eorpach an Iarnróid iompar iarnróid a chur chun cinn i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear soghluaisteacht a bheith cliste inbhuanaithe. Cuirfidh sí le tionscnaimh agus beartas atá ann cheana féin a bhaineann leis an iarnród chomh maith, amhail margadh na seirbhísí intíre iompair do phaisinéirí a oscailt agus costais agus an t-ualach riaracháin do ghnóthais iarnróid atá ag feidhmiú ar fud an Aontais Eorpaigh a laghdú. Ar na bearta a bheidh ann, mar a rinneadh i mBlianta Eorpacha eile, beidh feachtais faisnéise agus phoiblíochta, imeachtaí, tionscadail agus tionscnaimh ar siúl ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil. Beidh siad an-éifeachtach chun teachtaireachtaí ríthábhachtacha a chur amach agus faisnéis a scaipeadh faoi shamplaí den dea-chleachtas.

Deis a bheidh sa Bhliain Eorpach spreagadh a thabhairt d'údaráis na mBallstát agus don earnáil oibriú as láimh a chéile chun an t-iompar d'iarnród a chur chun cinn. Déanfar gach iarracht deimhin a dhéanamh de go gcuirfear na himeachtaí atá eagraithe le linn na Bliana Eorpaí in oiriúint do riachtanais agus d'imthosca náisiúnta gach Ballstáit. Iarrtar ar na Ballstáit, dá bhrí sin, comhordaitheoir a cheapadh a bheidh freagrach as rannpháirtíocht an Bhallstáit sin maidir le Bliain Eorpach an Iarnróid a eagrú. Cuirfear Grúpa Stiúrtha Eorpach ar bun, ina mbeidh ionadaithe na gcomhordaitheoirí náisiúnta rannpháirteach. Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe na gcomhordaitheoirí náisiúnta chun comhordú a dhéanamh ar reáchtáil na Bliana Eorpaí agus chun faisnéis a mhalartú maidir lena chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá naisc idir Bliain Eorpach an Iarnróid agus réimsí beartais eile an Aontais, amhail forbairt réigiúnach, iomaíochas tionsclaíoch, turasóireacht inbhuanaithe, nuálaíocht, fostaíocht, oideachas, an t-aos óg, cultúr agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, mar aon le naisc an Aontais leis an gcomharsanacht. Leagfaidh sí béim ar an ngné thrasteorann Eorpach atá ag an iompar d'iarnród, mar mhodh iompair earraí, modh taistil, modh chun eolas a chur ar an mór-roinn agus í a nascadh le chéile ar bhealach inbhuanaithe atá dírithe ar an todhchaí. D'fhéadfaí roinnt imeachtaí faoin mBliain Eorpach a mhaoiniú faoi chláir de chuid an Aontais atá ann cheana, mar shampla Fís Eorpach, Saoráid um Chónascadh na hEorpa, cistí struchtúracha agus infheistíochta an Aontais, Eoraip na Cruthaitheachta, Erasmus+, DiscoverEU nó an Eoraip ar son na Saoránach.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo. Go deimhin, foráiltear in Airteagal 91, agus sainghnéithe iompair á gcur san áireamh, go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach agus tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an gCoiste Sóisialta agus le Coiste na Réigiún, aon fhoráil iomchuí a leagan síos chun Airteagal 90 CFAE a chur chun feidhme. Luaitear in Airteagal 90 CFAE go saothrófar cuspóirí na gConarthaí faoi chuimsiú chomhbheartais iompair. Is é príomhchuspóir an togra atá ann faoi láthair

rannchuidiú leis an sciar de phaisinéirí agus de lastas a iompraítear d'iarnród a mhéadú. Mar sin, tagann an cuspóir seo faoi scáth Airteagal 91 CFAE.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra reatha i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Ní féidir cuspóirí an togra reatha a bhaint amach go leordhóthanach trí bheart a dhéantar sna Ballstáit amháin. Is amhlaidh atá mar nach mbainfeadh beart ar an leibhéal náisiúnta amháin leas as an ngné Eorpach de malartú taithí agus dea-chleachtais idir na Ballstáit. Dearbhaítear in Airteagal 3(3) CAE go háirithe go mbunóidh an tAontas Eorpach margadh inmheánach, go n-oibreoidh sé ar son forbairt inbhuanaithe na hEorpa bunaithe ar fheabhas a chur ar cháilíocht an chomhshaoil, i measc rudaí eile, agus go ndéanfaidh sé dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch a chur chun cinn mar aon le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach. Saothróidh an tAontas a chuspóirí ar na dóigheanna is iomchuí i gcomhréir leis na hinniúlachtaí a thugtar dó leis na Conarthaí. Anuas air sin, bhainfeadh beart na mBallstát leas as an mbeart ar leibhéal an Aontais, trí níos mó infheictheachta, comhpháirtíochtaí iltaobhacha, malartú faisnéise idirthréimhseach agus múscailt feasachta agus scaipeadh an dea-chleachtais ar fud an Aontais faoi chuimsiú na Bliana Eorpaí.

- **Comhréireacht**

Tá an togra atá ann faoi láthair i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(4) CAE. Is simplí an rud atá á bheartú. Braitheann sé ar chláir atá ann cheana agus ar ghníomhaíochtaí cumarsáide a dhíriú ar théamaí na Bliana Eorpaí. Le cur chun feidhme an togra, ní fhorchuirtear aon srian bainistíochta díréirí ar lucht riaracháin. Tacóidh an tAontas le hiarrachtaí na mBallstát agus iarrachtaí na hearnála agus comhlánóidh sé iad. Ar an gcéad dul síos, cuirfear feabhas ar éifeachtacht ionstraimí dílse an Aontais leis an mbeart seo. Ar an dara dul síos, feidhmeoidh sé mar chumasóir trí shineirgí agus comhar a chothú idir na Ballstáit, údaráis réigiúnacha agus áitiúla, fiontair phríobháideacha agus phoiblí, agus an tsochaí shibhialta i gcoitinne. Le beart an Aontais, ní rachaidh sé thar a bhfuil riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a sainaithníodh.

- **An rogha ionstraime**

Is é cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an ionstraim is iomchuí chun rannpháirtíocht iomlán an údaráis reachtaigh a áirithiú maidir le 2021 a ainmniú ina Bliain Eorpach an Iarnróid.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Pléadh an fhéidearthacht 2021 a dhearbhú ina “Bliain Eorpach an Iarnróid” an 9 Nollaig 2019 le roinnt ionadaithe ón earnáil iarnróid (CER, UNIFE, EIM, ERFA – Allrail), Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA), Shift2Rail agus ionadaithe Europalia ar tugadh cuireadh dóibh. Léirigh na rannpháirtithe uile tacaíocht fhorleathan don tionscnamh seo, ag leagan

béime ar ról an iarnróid cuspóir an dícharbónaithe a bhaint amach agus an ghné thrasteorann a bhaineann leis an iarnród a chur i bhfios go láidir. Táthar ag súil leis go mbeidh páirt ghníomhach á nglacadh ag páirtithe leasmhara san earnáil iarnróid, go háirithe gnóthais iarnróid, bainisteoirí stáisiúin, monaróirí agus údaráis náisiúnta maidir le hócáidí a eagrú faoi mhana na Bliana Eorpaí ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil. Is léir ó chomhairliúcháin leis an bhféile idirnáisiúnta ealaíon Europalia go bhféadfaí cuid mór sineirgí a bheith ann a bhuí leis an mBliain Eorpach. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún tuairimí féintionscnaimh[11] [12] le déanaí ina léirítear an spéis atá ag a gcuid ball taisteal d'iarnród a chur chun cinn mar mhodh iompair atá inbhuanaithe agus nuálach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Níl measúnú tionchair de dhíth, ó tharla go dtagann cuspóirí an togra atá beartaithe faoi chuspóirí chláir an Aontais atá ann cheana. An togra atá beartaithe, ní chuirfeadh sé ceangal ar an gCoimisiún aon bheart de chineál reachtach a dhéanamh. Nó ní bheadh aon tionchar sóisialta, eacnamaíoch nó comhshaoil suntasach aige thar a bhfuil sna ionstraimí atá ann cheana.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Meastar gurb é EUR 8,000,000 an leithdháileadh riachtanach airgeadais le haghaidh cur chun feidhme an Chinnidh seo le haghaidh na tréimhse 2020-2021. Maidir le cur chun feidhme na Bliana Eorpaí, teastóidh cistiú iomchuí a chinneadh i gcomhthéacs nósanna imeachta buiséadacha le haghaidh na bliana 2020, agus 2021 i gcomhréir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil 2021-2027.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Áirítear sa togra oibleagáid atá ar an gCoimisiún tuarascáil a ullmhú faoi 31 Nollaig 2022 maidir le cur chun feidhme, torthaí agus measúnú foriomlán ar na tionscnaimh a chumhdaítear faoin mBliain Eorpach.

[11] Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa - Aistriú cuimsitheach go tionscal iarnróid dhigitithe a áirithiú (arna glacadh an 30.10.2019, CCMI/169-CESE-2019)

[12] Tuairim ó Choiste na Réigiún - acmhainneacht na hearnála iarnróid maidir le tosaíochtaí beartais an Aontais Eorpaigh a bhaint amach (arna glacadh an 4 Nollaig 2019, CER 1939/2019)

2020/0035 (COD)

Togra le haghaidh

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Bliain Eorpach an Iarnróid (2021)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[13],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[14],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leag an Coimisiún amach, ina theachtaireacht an 11 Nollaig 2019[15], Comhaontú Glas don Eoraip le haghaidh an Aontais Eorpaigh agus a chuid saoránach. Is straitéis nua fáis é an Comhaontú Glas don Eoraip arb é is aidhm leis sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas Eorpach, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha iomaíoch, atá tíosach ó thaobh acmhainní de nach mbeidh aon ghlan-astaíochtaí gás ceaptha teasa ann faoi 2050, agus ina mbeidh an fás eacnamaíoch díchúpláilte feasta d'úsáid acmhainní.

(2) Ina conclúidí uaithi an 12 Nollaig 2019[16], d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an cuspóir Aontas Eorpach atá neodrach ó thaobh aeráide de a bhaint amach faoi 2050.

(3) Sa rún uaithi an 15 Eanáir 2020[17], chuir Parlaimint na hEorpa fáilte roimh an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an “gComhaontú Glas don Eoraip” agus d'iarr sí go ndéanfaí an t-aistriú riachtanach chuig sochaí neodrach ó thaobh aeráide de faoi 2050 ar a dhéanaí.

(4) Ag teacht le cuspóirí a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, is gá geilleagar an Aontais a chlaochlú agus athsmaoineamh a dhéanamh ar bheartas, go háirithe i réimse iompair agus soghluaisteachta, rud a thugann le fios gur gá dlús a chur leis an aistriú chun soghluaisteacht a bheith cliste inbhuanaithe. Is é an t-iompar is cúis le ceathrú cuid d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais, méid atá ag fás go fóill. Chun neodracht a

---

13 IO C , , lch. .

14 IO C , , lch. .

15 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM/2019/640 final)

16 Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 12 Nollaig 2019

17 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2020 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (2019/2956(RSP))

bhaint amach ó thaobh aeráide de, tá gá le laghdú 90% ar astaíochtaí iompair faoi 2050. Le hiompar inbhuanaithe a bhaint amach, ní mór tús áite a thabhairt d'úsáideoirí agus roghanna malartacha atá níos inacmhainne, níos inrochtana, níos sláintiúla agus níos glaine ná na nósanna soghluaisteachta a chur ar fáil dóibh na mar atá acu faoi láthair. Tugtar le tuiscint sa Chomhaontú Glas don Eoraip go gcuirfear dlús leis an aistriú chun soghluaisteacht cliste inbhuanaithe chun dul i ngleic leis na dúshláin seo. Go háirithe, ba cheart sciar mór den 75% de lasta intíre a iompraítear ar bhóithre inniu a aistriú chuig na hiarnród agus chuig uiscebhealaí intíre.

(5) Tá ról tábhachtach le himirt ag iompar d'iarnróid chun an tsochaí a chur ar mhalairt slí maidir le cuspóir na neodrachta a bhaint amach ó thaobh aeráide de faoi 2050. Tá sé ar cheann de na modhanna iompair is neamhdhíobhálaí don chomhshaol agus is tíosaí ó thaobh fuinnimh de. Tá na hiarnróid leictrithe den chuid is mó agus astaíonn sé i bhfad níos lú CO2 ná an taisteal coibhéiseach de bhóthar nó ar eitleán, agus is é an t-aon mhodh iompair inar laghdaíodh na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus na hastaíochtaí CO2 uaidh ar bhonn comhsheasmhach ó bhí 1990 ann. Ina theannta sin, tháinig laghdú ar an tomhailt fuinnimh ón iompar d'iarnród idir 1990-2016[18] agus tá ag méadú ar an úsáid a bhaintear as foinsí inathnuaite fuinnimh.

(6) Trí phríomhbhealaí iompair an Aontais a nascadh le réigiúin agus críocha forimeallacha an Aontais, rannchuidíonn an earnáil iarnróid le comhtháthú sóisialta, eacnamaíoch agus ilchríoch.

(7) Cé gur tháinig méadú beag ar an sciar den iompar paisinéirí ar tír san Aontas ó bhí 2007 ann, tháinig laghdú ar an sciar a bhaineann le hiompar lastas d'iarnród. Tá roinnt mhaith constaicí fós ann le sárú sula mbainfear amach limistéar Eorpach aonair iarnróid, lena n-áirítear an gá le torann a laghdú. A luaithe a bheidh na constaicí sin sáraithe, laghdú costais bainte amach agus dlús curtha leis an nuálaíocht, beidh iompar d'iarnróid in ann barr a chumais a bhaint amach freisin. Dá bhrí sin, ní mór borradh a chur faoin iarnród chun é a dhéanamh níos tarraingtí do thaistealaithe agus do ghnólachtaí araon.

(8) Chun iompar iarnróid a chur chun cinn i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, lena n-áirítear maidir le soghluaisteacht cliste inbhuanaithe, ba cheart do 2021 a dhearbhú Bliain Eorpach an Iarnróid. Bliain thábhachtach a bheidh in 2021 i dtaca le beartas iarnróid an Aontais, an chéad bhliain iomlán a bheidh inti ina gcuirfear na rialacha a comhaontaíodh faoin gCeathrú Pacáiste Iarnróid chun feidhme ar fud an Aontais, is é sin le rá margadh na seirbhísí iompair intíre do phaisinéirí a oscailt agus costais agus an t-ualach riaracháin do ghnóthais iompair iarnróid atá ag feidhmiú ar fud an Aontais Eorpaigh a laghdú. Tá an pobal ag cur níos mó spéise san hiarnróid, lena n-áirítear traenacha oíche, i líon áirithe Ballstát, mar a léirítear leis an ráchairt atá ar #DiscoverEU. Anuas air sin, an fhéile idirnáisiúnta ealaíon “Europalia” déanfaidh sé eagrán 2021 na féile a thiomnú do thionchar na n-iarnród ar na healaíona agus aird a tharraingt ar an ról atá ag na hiarnróid mar spreagadh cumhachtach le haghaidh athrú sóisialta, eacnamaíoch agus tionsclaíoch.

[18] Leabhar Póca Staidrimh 2019 Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair “Iompar AE i bhfigiúirí” (foinse: Eurostat)

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Ainmneofar an bhliain 2021 ina "Bliain Eorpach an Iarnróid" (dá ngairtear an "Bhliain Eorpach" anseo feasta).

Airteagal 2

Cuspóirí

Is é cuspóir na Bliana Eorpaí spreagadh a thabhairt d'iarrachtaí an Aontais, iarrachtaí na mBallstát, iarrachtaí na n-údarás réigiúnacha agus áitiúla, agus iarrachtaí eagraíochtaí eile agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun an chuid de phaisinéirí agus de lastas a iompraítear ar an iarnród a mhéadú. Go deimhin, déanfaidh an Bhliain Eorpach

(a) an t-iarnród a chur chun cinn mar mhodh iompair inbhuanaithe, nuálach agus sábháilte, go háirithe trí bhéim a leagan ar ról an iarnróid chun an tsochaí a chur ar mhalairt slí chun cuidiú le cuspóir na neodrachta ó thaobh aeráide de san Aontas a bhaint amach faoi 2050 agus trí dhul i dteagmháil leis an mórphobal, go háirithe an t-aos óg;

(b) aird a tharraingt chomh maith ar an ngné thrasteorann Eorpach atá ag an iompar d'iarnród, gné a cheanglaíonn saoránaigh le chéile, gné lena mbeifear in ann an tAontas a thaiscéaladh agus a éagsúlacht a bhlaiseadh, gné a chothaíonn comhtháthú agus a rannchuidíonn le margadh inmheánach an Aontais a chomhtháthú;

(c) feabhas a chur ar rannchuidiú an iarnróid i leith geilleagar, tionscal agus sochaí de chuid an Aontais, lena gcumhdaítear, go háirithe, gnéithe a bhaineann le forbairt réigiúnach, iomaíochas tionsclaíoch, turasóireacht inbhuanaithe, nuálaíocht, fostaíocht, oideachas, an t-aos óg agus cultúr, agus feabhas a chur ar inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas;

(d) rannchuidiú le cur chun cinn an iarnróid mar ghné thábhachtach sa chaidreamh idir an tAontas agus tíortha comharsanacha, go háirithe sna Balcáin Thiar, agus an rannchuidiú sin a bhunú ar an spéis agus ar na riachtanais atá le sonrú i dtíortha comhpháirtíochta agus ar shaineolas an Aontais maidir le hiompar iarnróid.

Airteagal 3

Ábhar na mbeart

1. Cuimseofar gníomhaíochtaí ar leibhéal an Aontais, an leibhéal náisiúnta, an leibhéal réigiúnach nó an leibhéal áitiúil i measc na mbeart a ghlacfar chun na cuspóirí a bhaint amach, arna leagan amach in Airteagal 2 agus atá nasctha le cuspóirí na Bliana Eorpaí, mar atá:

   (a) tionscnaimh agus imeachtaí chun plé a spreagadh, feasacht a ardú agus rannpháirtíocht saoránach, gnólachtaí agus údarás poiblí a éascú chun tuilleadh daoine agus earraí a mhealladh i dtreo an iarnróid mar mhodh chun an t-athrú aeráide a chomhrac, trí leas a bhaint as níos mó ná modh nó uirlis amháin, lena n-áirítear imeachtaí sna Ballstáit;

(b) gníomhaíochtaí scaipthe faisnéise, taispeántas, gníomhaíochtaí spreagtha, gníomhaíochtaí oideachais agus múscailte feasachta chun athrú iompraíochta a spreagadh i measc paisinéirí, tomhaltóirí agus gnólachtaí agus chun rannpháirtíocht ghníomhach an phobail i gcoitinne a mhúscailt chun cuspóirí iompair atá níos inbhuanaithe a bhaint amach;

(c) taithí agus dea-chleachtais na n-údarás náisiúnta, réigiúnacha, agus áitiúla, na sochaí sibhialta, gnólachtaí agus scoileanna a roinnt maidir le húsáid a bhaint as an iarnród a chur chun cinn agus conas athrú iompraíochta ar gach leibhéal a chur chun feidhme;

(d) tabhairt faoi staidéir agus gníomhaíochtaí nuálacha agus na torthaí a bhaineann leo a scaipeadh ar bhonn Eorpach nó ar bhonn náisiúnta; agus

(e) tionscadal agus líonraí a bhaineann leis an mBliain Eorpach a chur chun cinn lena n-áirítear tríd na meáin chumarsáide, líonraí sóisialta agus trí ríomhphobail eile.

2. Féadfaidh institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, mar aon le Ballstáit, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta faoi seach, tagairt a dhéanamh don Bhliain Eorpach agus úsáid a bhaint as an sainaitheantas físeach a bhaineann léi maidir le cur chun cinn na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1.

Airteagal 4

Comhordú ar leibhéal na mBallstát

Is freagracht de chuid na mBallstát é rannpháirtíocht sa Bhliain Eorpach ar leibhéal náisiúnta a eagrú. Chun na críche sin, déanfaidh na Ballstáit comhordaitheoirí náisiúnta a cheapadh. Áiritheoidh na comhordaitheoirí náisiúnta comhordú na ngníomhaíochtaí ábhartha ar an leibhéal náisiúnta.

Airteagal 5

Comhordú ar leibhéal an Aontais

1. Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe na gcomhordaitheoirí náisiúnta go tráthrialta chun comhordú a dhéanamh ar reáchtáil na Bliana Eorpaí. Feidhmeoidh na cruinnithe sin mar dheis malartaithe faisnéise chomh maith maidir le cur chun feidhme na Bliana Eorpaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; féadfaidh ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa a bheith rannpháirteach sna cruinnithe sin mar bhreathnóirí.

2. Beidh cur chuige trasnaí i leith comhordú na Bliana Eorpaí ar leibhéal an Aontais d'fhonn sineirgí a chruthú idir cláir éagsúla an Aontais agus tionscnaimh lena ndéantar cistiú ar thionscadail i réimse iompair iarnróid nó a bhfuil gné den iompar d'iarnróid ag baint leo.

3. Tionólfaidh an Coimisiún cruinnithe go tráthrialta le haghaidh páirtithe leasmhara agus ionadaithe eagraíochtaí nó comhlachtaí atá gníomhach i réimse iompair iarnróid, lena n-áirítear líonraí trasnáisiúnta atá ann cheana agus na ENRanna ábhartha, mar aon le heagraíochtaí don aos óg agus comhphobail, chun cúnamh a thabhairt don Choimisiún an Bhliain Eorpach a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais.

Féadfaidh an Coimisiún glaonna ar thograí agus ar thionscadail a eagrú, ach sin ag brath ar an mbuiséad, ar féidir tacaíocht a thabhairt dóibh mar gheall ar rannchuidiú den scoth le cuspóirí na bliana.

Airteagal 6

Comhar idirnáisiúnta

Chun críocha na Bliana Eorpaí, i gcás inar gá, comhoibreoidh an Coimisiún le heagraíochtaí inniúla idirnáisiúnta, agus san am céanna déanfaidh sé infheictheacht rannpháirtíocht an Aontais a áirithiú.

Airteagal 7

Faireachán agus meastóireacht

Faoin 31 Nollaig 2022, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme, torthaí agus measúnú foriomlán ar na tionscnaimh dá bhforáiltear sa Chinneadh seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus faoi bhráid Choiste na Réigiún.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

CLÁR

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH 12

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH 12

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh 12

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann (Cnuasach clár) 12

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le: 12

1.4. Forais an togra/tionscnaimh 12

1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh 12

1.4.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn "breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE" an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin 12

1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart 13

1.4.4. Comhoiriúnacht agus sineirgíocht fhéideartha le hionstraimí iomchuí eile 13

1.5. Fad agus tionchar airgeadais 14

1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe 14

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA 15

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe 15

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe 15

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe 15

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú 15

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh) 15

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc 15

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH 16

3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar 16

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas 17

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas 17

3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin 19
3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach 20
3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe 21
3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam 21

RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Bliain Eorpach an Iarnróid (2021)

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann *(Cnuasach clár)*

(2020)

Réimse Beartais: Soghluaisteacht agus Iompar

(2021)

Faoi Cheannteideal 1 "An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha": Cnuasach Beartas 1 "Taighde agus Nuálaíocht" agus Cnuasach Beartas 2 "Infheistíochtaí Straitéiseacha Eorpacha".

Faoi CheannTeideal 3 "Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol": Cnuasach Beartas 9: "An Comhshaol agus Gníomhú ar son na hAeráide".

1.3. Baineann an togra/tionscnamh le

X beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart[19]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

1.4. Forais an togra/tionscnaimh

1.4.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh.

Gearrthéarmach: íomhá níos fearr den iarnród i measc saoránach agus gnólachtaí, feasacht níos forleithne a bheith ann maidir leis an tábhacht a bhaineann le tuilleadh paisinéirí agus tuilleadh lastais a aistriú i dtreo úsáid a bhaint as an iarnród, i comhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

Fadtéarmach: sciar módach paisinéirí agus lastas a iompraítear d'iarnród a mhéadú, chun rannchuidiú le laghdú a dhéanamh ar an ngás ceaptha teasa a astaítear trí ghníomhaíochtaí iompair an Aontais, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

[19] Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.4.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE (d'fhéadfadh an breisluach a bheith ann mar thoradh ar fhachtóirí éagsúla, e.g. deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta, comhlántachtaí, nó gnóthachain de thoradh comhordú). Chun críocha an phointe seo, is é a chiallaíonn "breisluach a bhaineann le rannpháirteachas AE" an luach a thagann as idirghabháil an Aontais ar luach é atá sa bhreis ar an luach a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú leo féin.

Gné thrasteorann Eorpach a bhaineann le cúrsaí iompair agus go háirithe le hiompar d'iarnróid. Reachtaíocht an Aontais chun limistéar Eorpach aonair iarnróid atá comhtháite a bhaint amach, amhail bacainní ar mhargaí náisiúnta agus teicniúla a bhaint.

Gné an Aontais maidir le bearta atá dírithe ar dhlús a chur le haistriú i dtreo soghluaisteachta a bheidh cliste inbhuanaithe, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach i dTeachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip.

1.4.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart

Na Blianta Eorpacha a eagraíodh le deich mbliana anuas, is léir go ndeachaigh féachaint ar a luach mar ionstraimí múscailte feasachta éifeachtacha a raibh tionchar acu ar an bpobal i gcoitinne agus ar iolraitheoirí agus cruthaíodh sineirgí idir réimsí éagsúla idirghabhála ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát.

1.4.4. Comhoiriúnacht agus sineirgíocht fhéideartha le hionstraimí iomchuí eile

Tá naisc idir Bliain Eorpach an Iarnróid agus réimsí beartais eile de chuid an Aontais, amhail forbairt réigiúnach, iomaíochas tionsclaíoch, turasóireacht inbhuanaithe, nuálaíocht, oideachas, an t-aos óg, cultúr agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas, mar aon le naisc an Aontais lena chomharsanacht. Leagfaidh sé béim ar ghné thrasteorann Eorpach an iarnróid Eorpaigh, mar mhodh chun earraí a iompar, taistil a dhéanamh, mar mhodh chun fáil amach faoin mór-roinn agus í a nascadh le chéile i slí inbhuanaithe atá dírithe ar an todhchaí. D'fhéadfaí roinnt gníomhaíochtaí faoin mBliain Eorpach a mhaoiniú faoi chláir an Aontais atá ann cheana.

1.5. Fad agus tionchar airgeadais

X tréimhse theoranta

– **X** i bhfeidhm ón 01/01/2021 go dtí an 31/12/2021

– **X** Tionchar airgeadais ó 2020 go 2021 maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ó 2020 go 2022 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

1.6. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[20]

X Bainistíocht dhíreach a dhéanann an Coimisiún

– ☐ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☐ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d'ainmnigh siad;

– ☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

– ☐BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

– ☐ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 70 agus Airteagal 71 den Rialachán Airgeadais;

– ☐ comhlachtaí dlí phoiblí;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

– ☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

– *I gcás ina sonraítear níos mó ná modh bainistíochta amháin, tabhair sonraí sa roinn "Nótaí" le do thoil.*

Nótaí

[…]

[20] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo

Clár Oibre na Bliana Eorpaí

Bunú Coiste Stiúrtha

2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

2.2.1. An bonn cirt atá leis na modhanna bainistíochta, le sásraí cur chun feidhme an mhaoinithe, leis na coinníollacha íocaíochta agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe

Is é bainistíocht díreach, de réir airteagal 62.1(a) den Rialachán Airgeadais, an modh is fearr toisc gurb é an Coimisiún a chuirfidh na bearta chun feidhme, go háirithe Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair, rud a dhéanfaidh an comhordú leis na Ballstáit agus na geallsealbhóirí éagsúla a áirithiú.

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú

Na rioscaí a aithníodh: easpa infheictheachta sna tionscnaimh; ionchais ródhóchasacha maidir leis an mbuiséad teoranta.

Córas rialaithe inmheánaigh a chur ar bun: measúnú riosca rialta faoi chuimsiú an Choiste Stiúrtha.

2.2.3. Meastachán ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe agus an bonn cirt atá leis sin (cóimheas "costais rialaithe ÷ luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú") agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth an íocaíocht a dhéanamh agus tráth an clár a dhúnadh)

Cuid de chóras rialaithe inmheánach Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair is ea iad na rialuithe seo. Ginfear costais bhreise nach beag ó thaobh rialaithe de ar leibhéal na hArd-Stiúrthóireachta mar gheall ar na gníomhaíochtaí nua sin.

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

Sonraigh na bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe, e.g. ón Straitéis Frithchalaoise.

Nuair a dhéanfar gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, gníomhaíochtaí arna maoiniú faoin gCinneadh seo, áiritheoidh an Coimisiún go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne na calaoise, an éillithe agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, trí sheiceálacha éifeachtacha a dhéanamh agus trí na suimeanna a íocadh go míchuí a aisghabháil agus, sa chás go mbraitear neamhrialtachtaí, déanfar sin trí phionóis éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha a chur i bhfeidhm. Údaraítear don Choimisiún seiceálacha agus fíoruithe a dhéanamh *in situ* faoin gCinneadh seo, i gcomhréir le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha ar an láthair agus cigireachtaí arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile. Más gá, déanfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise imscrúduithe agus beidh na himscrúduithe faoi rialú Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999

maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF).

3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

3.1. Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid atá beartaithe

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Saghas caiteachais	Ranníocaíocht			
	Ceannteideal 1[An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha]	LD/LN[21].	ó thíortha de chuid CSTE[22]	ó thíortha is iarrthóirí[23]	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán Airgeadais
	06.02.05.00 (2020) / 02.20.04.01 (2021-22) 01.02.02.50 02.03.01 D'fhéadfaí línte eile a sainaithint i nósanna imeachta buiséadacha	LD/~~LN~~.	~~TÁ~~/NÍL	~~TÁ~~/NÍL	~~TÁ~~/NÍL	~~TÁ~~/NÍL
Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil	Líne buiséid	Type of caiteachais	Ranníocaíocht			
	Ceannteideal 3 [Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol]	LD/LN[24].	ó thíortha de chuid CSTE[25]	ó thíortha is iarrthóirí[26]	ó thríú tíortha	de réir bhrí Airteagal [21(2)(b)] den Rialachán Airgeadais
	09.02.xx D'fhéadfaí línte eile a shainaithint i nósanna imeachta buiséadacha	LD/~~LN~~.	~~TÁ~~/NÍL	~~TÁ~~/NÍL	~~TÁ~~/NÍL	~~TÁ~~/NÍL

21 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

22 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

23 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

24 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.

25 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.

26 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarrthóirí.

3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ar chaiteachas

Is cláir agus línte buiséid táscacha iad na cinn a luaitear thíos. Cinnfear maoiniú iomchuí i gcomhthéacs nósanna imeachta buiséadacha trí athshannadh in 2020 laistigh den chlárú airgeadais atá ann cheana; in 2021, sainaithneofar leithreasuithe sonracha laistigh d'imchlúdaigh cláir a bheidh ann amach anseo agus laistigh den chlárú airgeadais, i gcomhréir leis na creataí airgeadais ilbhliantúla is infheidhme.

3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh aige ar chaiteachas

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	<…>	Ceannteideal 1 [An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha]; Ceannteideal 3 [Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol]

			2020	**2021**	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**	***Tar éis 2027***	**IOMLÁN**
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 06.02.05 (buiséad 2020) / 02.20.04.01 (2021-22) Tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí a bhaineann le beartas iompair Eorpaigh	Gealltanais	(1)	0.500	1.500							**2.000**
	Íocaíochtaí	(2)	0.300	1.200	0.500						**2.000**
Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí 01.02.02.50 Fís Eorpach 02.03.01 Saoráid um Chónascadh na hEorpa - Iompar 09.02 LIFE	Gealltanais	(1)		6.000							**6.000**
	Íocaíochtaí	(2)		3.000	3.000						**6.000**
IOMLÁN leithreasuithe ceannteidil 1 agus 3	Gealltanais	=1+3	**0.500**	**7.500**							**8.000**
	Íocaíochtaí	=2+3	**0.300**	**4.200**	**3.500**						**8.000**

Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:	7	"Caiteachas riaracháin"

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2020	**2021**	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**	***Tar éis 2027***	**IOMLÁN**
Acmhainní daonna		0.150	0.300	0.075						**0.525**
Caiteachas riaracháin eile			0.010							**0.010**
IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	(Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí)	**0.150**	**0.310**	**0.075**						**0.535**

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

		2020	**2021**	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**	***Tar éis 2027***	**IOMLÁN**
IOMLÁN leithreasuithe ar fud na gCEANNTEIDEAL den chreat airgeadais ilbhliantúil	Gealltanais	0.650	7.810	0.075						**8.535**
	Íocaíochtaí	0.450	4.510	3.575						**8.535**

3.2.2. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– **X** Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Blianta	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**	**IOMLÁN**
HEADING 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna	0.150	0.300	0.075					**0.525**
Caiteachas riaracháin eile		0.010						**0.010**
Subtotal HEADING 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	**0.150**	**0.310**	**0.075**					**0.535**
Outside HEADING 7[27] den chreat airgeadais ilbhliantúil								
Acmhainní daonna								
Other expenditure de chineál riaracháin								
Subtotal lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 of the multiannual financial framework								
IOMLÁN	**0.150**	**0.310**	**0.075**					**0.535**

Na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin, cumhdófar iad leis na leithreasuithe sin san Ard-Stiúrthóireacht atá sannta cheana do bhainistíocht an bhirt agus/nó atá athshannta laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

[27] Cúnamh agus caiteachas teicniúil agus/nó riaracháin ar mhaithe le cláir agus/nó bearta de chuid AE (seanlínte "BA") a chur chun feidhme, taighde indíreach, taighde díreach.

3.2.2.1. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna.

– **X** Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha

Blianta		**2020**	**2021**	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus pearsanra sealadach)								
Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin		1	2	0.5				
Toscaireachtaí								
Taighde								
• Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE) - AC, AL, END, INT agus JED [28] Ceannteideal 7								
Arna mhaoiniú as CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	- sa cheanncheathrú							
	- i dtoscaireachtaí							
Arna maoiniú as imchlúdach an chláir [29]	- sa cheanncheathrú							
	- i dtoscaireachtaí							
Taighde								
Cineál eile (sonraigh)								
IOMLÁN		**1**	**2**	**0.5**				

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

Oifigigh agus pearsanra sealadach	Eagrú agus comhordú feachtas agus imeachtaí cumarsáide; bainistiú na nglaonna ar thograí; thart ar 10 misean sna Ballstáit in 2021.
Foireann sheachtrach	Neamhbhainteach

[28] AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe sóisearacha i dtoscaireachtaí.

[29] Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

3.2.3. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– **X** ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– **X** Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

IARSCRÍBHINN
a ghabhann leis an RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

Ainm an togra/tionscnaimh:

Bliain Eorpach an Iarnróid (2021)

1. LÍON AGUS COSTAS NA NACMHAINNÍ DAONNA A MHEASTAR A BHEITH RIACHTANACH

2. COSTAS AN CHAITEACHAIS RIARACHÁIN EILE

3. MODHANNA RÍOFA A ÚSÁIDEADH CHUN COSTAIS A MHEAS

3.1 Acmhainní daonna

3.2 Caiteachas riaracháin eile

*An iarscríbhinn seo, **atá le líonadh isteach ag gach Ard-Stiúrthóireacht/Seirbhís atá rannpháirteach sa togra/tionscnamh**, ní mór í a bheith ag gabháil leis an ráiteas airgeadais reachtach nuair a sheolfar an comhairliúchán idirsheirbhísí.*

Úsáidtear na táblaí sonraí mar fhoinse le haghaidh na dtáblaí atá sa ráiteas airgeadais reachtach. Tá siad á gcur ar fáil le haghaidh úsáid inmheánach laistigh den Choimisiún amháin.

1. COSTAS NA N-ACMHAINNÍ DAONNA A MHEASTAR A BHEITH RIACHTANACH

☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil		**2020**		**2021**		**2022**		**2023**		**2024**		**2025**		**2026**		**IOMLÁN**	
		FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus pearsanra sealadach)																	
Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin	AD	1	0.150	2	0.300	0.5	0.075										0.525
	AST																
i dToscaireachtaí an Aontais	AD																
	AST																
• Foireann sheachtrach[30]																	
Imchlúdach iomlánaíoch	AC																
	END																
	INT																
i dToscaireachtaí an Aontais	AC																
	AL																
	END																
	INT																
	JPD																
Línte buiséid eile (*sonraigh*)																	

[30] AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe Sóisearacha i dToscaireachtaí.

Fo-iomlán - CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil		1	0.150	2	0.300	0.5	0.075									0.525

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil			2020		2021		2022		2023		2024		2025		2026		IOMLÁN	
			FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe	FTE	Leithreasuithe
• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus pearsanra sealadach)																		
Taighde		AD																
		AST																
• Foireann sheachtrach[31]																		
Pearsanra seachtrach ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (seanlínte "BA").	- sa cheanncheathrú	AC																
		END																
		INT																
	- i dtoscaireachtaí an Aontais	AC																
		AL																
		END																
		INT																
		JPD																
Taighde)		AC																
		END																
		INT																
Línte buiséid eile (*sonraigh*)																		
Fo-iomlán – Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil																		

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

[31] AC = Ball foirne ar conradh; AL = Ball foirne áitiúil; END = Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JPD = Saineolaithe Sóisearacha i dToscaireachtaí.

2. COSTAS AN CHAITEACHAIS RIARACHÁIN EILE

(e) 1.☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe riarthacha

X Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe riarthacha mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**	**Iomlán**
Sa cheanncheathrú:								
Costais misean agus ionadaíochta		0.010						**0.010**
Costais comhdhálacha agus cruinnithe								
Na coistí parlaiminteacha[32]								
Staidéir agus comhairliúcháin								
Córais faisnéise agus cumarsáide								
Trealamh agus seirbhísí TFC[33]								
Línte buiséid eile (*sonraigh nuair is gá*)								
I dtoscaireachtaí an Aontais								
Costais misean, comhdhálacha agus ionadaíochta								
Oiliúint bhreise don fhoireann								
Caiteachas éadála, cíosa agus caiteachas bainteach								
Trealamh, troscán, soláthairtí agus seirbhísí								
Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil		**0.010**						**0.010**

[32] Sonraigh an cineál coiste agus an grúpa a mbaineann sé leis.

[33] TFC: Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide: Ní mór dul i gcomhairle le DIGIT.

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil	**2020**	**2021**	**2022**	**2023**	**2024**	**2025**	**2026**	**Iomlán**
Caiteachas ar chúnamh teicniúil agus riaracháin (gan baill foirne sheachtracha a áireamh) ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (seanlínte "BA")								
- sa cheanncheathrú								
- i dtoscaireachtaí an Aontais								
Caiteachas eile bainistíochta le haghaidh taighde								
Línte buiséid eile (*sonraigh nuair is gá*)								
Fo-iomlán – Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil								

IOMLÁN CEANNTEIDEAL 7 agus Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil		**0.010**						**0.010**

Soláthrófar na leithreasuithe riarthacha is gá le leithreasuithe a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó ar athshannadh a gcúraimí, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha atá ann cheana.

3 MODHANNA RÍOFA

3.1 Acmhainní daonna

Leagtar amach sa chuid seo an modh ríofa a úsáideadh chun na hacmhainní daonna a mheastar a bheith riachtanach a mheas (toimhdí maidir le hualach oibre, lena n-áirítear poist shonracha (próifílí oibre SysPer 2), catagóirí foirne agus na meánchostais chomhfhreagracha)

CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil
NB: Tá na meánchostais le haghaidh gach catagóire foirne sa Cheanncheathrú ar fáil ar BudgWeb: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/pre/legalbasis/Pages/pre-040-020_preparation.aspx
• Oifigigh agus pearsanra sealadach 1 FTE in 2020 le hócáidí a ullmhú agus a chomhordú 2 FTE in 2021 le glao ar thograí a bhainistiú 0.5 FTE in 2022 le tuarascáil deiridh
• Foireann sheachtrach

Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil
• Na poist sin amháin a mhaoinítear ón mbuiséad taighde
• Foireann sheachtrach

3.2 Caiteachas riaracháin eile

Tabhair sonraí faoin modh ríofa a úsáideadh le haghaidh gach líne buiséid agus na buntoimhdí go háirithe (e.g. an líon cruinnithe sa bhliain, meánchostais, etc.)

CEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil
Thart ar 10 misean sna Ballstáit in 2021

Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil